V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10953 – ADD / TOTALENERGIES / TOTAL EGYPT)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 412/11)

1. An 19 Deireadh Fómhair 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Abu Dhabi National Oil Company for Distribution PJSC ("ADD", Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha), atá faoi úinéireacht Abu Dhabi National Oil Company PJSC ("ADNOC"),

— TotalEnergies Marketing Afrique SAS ("TotalEnergies", an Fhrainc), fochuideachta faoi lánúinéireacht TotalEnergies S.E.,

— TotalEnergies Marketing Egypt LLC ("Total Egypt", an Éigipt), fochuideachta TotalEnergies.

Gheobhaidh ADD agus TotalEnergies rialú comhpháirteach ar Total Egypt de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna ([2]).

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Déanann ADD margaíocht ar tháirgí peitriliam agus dáileann sé iad ar fud raon éagsúil earnálacha gnó,

— Tá TotalEnergies i mbun taighde, tionscal agus trádáil hidreacarbón agus a ndíorthach ina bhfoirmeacha go léir agus, ar bhonn níos ginearálta, i mbun gníomhaíochtaí comhchosúla i réimse an fhuinnimh ar fud an domhain agus go háirithe ar mhór-roinn na hAfraice.

3. Tá Total Egypt i mbun miondíol breosla, miondíol nach miondíol breosla é (seirbhísí miondíola bia agus seirbhísí nite carranna), bealaí, breosla eitlíochta, agus dáileadh breosla i mbulc san Éigipt.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

([2]) Is trí bhíthin cuótaí, seachas scaireanna, atá TotalEnergies faoi úinéireacht agus mar thoradh air sin, is é a bheidh i gceist leis an éadáil atá beartaithe cuótaí a fháil seachas scaireanna.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ([3]) ón gComhairle, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10953 — ADD / TOTALENERGIES / TOTAL EGYPT

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

an Coimisiún Eorpach
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([3]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.